

★ BÍ I DO ★



RÉALTA SAMHRAIDH!

GLAC PÁIRT SAN EACHTRA
LÉITHEOIREACHTA SAMHRAIDH
AG DO LEABHARLEANN

Clár spreagúil atá bunaithe ar an léitheoireacht is ea Réaltai an tSamhraidh a chuirtear ar fáil saor in aisce do gach leanbh ar fud na tíre. Beidh Eachtra Léitheoireachta Réaltai an tSamhraidh ar siúl i rith an tsamhraidh i leabharlanna poibli ar fud na hÉireann go léir.

Tugtar cuireadh do leanaí chun clárú don eachtra agus taitneamh a bhaint as go leor leabhar a léamh mar chuid den eachtra i rith an ama seo. Tabharfar **Cárta Léitheoireachta Réaltai an tSamhraidh** do gach rannpháirtí chun taifead agus cuntas a choimeád ar a ndul chun féin. Beidh duaiseanna agus dreasachtaí ar fáil ó am go ham agus beidh imeacht mór ar siúl chun deireadh a chur leis an eachtra agus tabharfar cuireadh do gach rannpháirtí freastal air.

Tugtar cuireadh do gach duine chun súil a chaitheamh ar láithreán gréasáin **Réaltai an tSamhraidh** www.summerstars.ie agus tá go leor cluichí agus gníomhaíochtaí ar líne agus tá roinnt ríomhleabhair bheochana ar an láithreán, chomh maith.

Tiocfaidh tú ar bhord plé le haghaidh leabhar do leanaí, agus ar agallaimh le daoine móra le rá faoi na leabhair is fearr leo. Chomh maith leis sin, tá roinnt leideanna cabhracha ann agus tá teidil áirithe ann de réir aoisghrúpa a mholtar do leanaí a léamh. Féadfaidh leanaí na leabhair a fháil ó iasacht ó sheirbhís a leabharlainne áitiúla.

Agus tá sé go léir saor in aisce!

Féadfaidh tú **Réaltai an tSamhraidh** a leanúint ar Twitter @StarsReading agus ar Facebook, *Summer Stars at your Library*.



www.summerstars.ie



Tá sé tábhachtach chun leanúint ag léamh i rith mhionna an tsamhraidh.

Rinneadh go leor taighde a thaispeánann go gcoimeádann leanaí a dhéanann léamh i gcaitheamh an tsamhraidh a leibhéil léitheoireachta agus go bhfillleann siad ar an scoil agus iad breá ábalta tabhairt faoin scoilbhliain nua. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an léitheoireacht chun an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht a fhorbairt. Gníomhaíocht spráúil agus shuaimhneasach í a chuirfidh feabhas ar scileanna airde agus cumarsáide.

Is é an bealach is fearr chun cabhrú le duine chun leabhar a roghnú, nó chun leabhair a roghnú duit féin, ná chun SPRAOI a dhéanamh de.

Roghnaigh leabhar a thaitneoidh go mór leat

Faigh tuiscint ar an scéal trí fhéachaint ar na focail nó trí leathanach a léamh

Déan do chuardach a chúngú trí leabhair a roghnú faoi rud éigin a bhfuil suim agat ann

Tá i bhfad níos mó i leabharlanna ná leabhair, dar ndóigh. Cuireann an chuid is mó de leabharlanna an méid seo a leanas ar fáil



Greannáin, úrscéalta grafacha agus irisleabhair



Gníomhaíochtaí agus cluichí



Ríomhairí agus rochtain ar an idirlíon



DVDanna agus CDanna



Am scéalaíochta



Imeachtaí léitheoireachta spráúla



Spásanna foghlama agus léitheoireachta

Féadfaidh tú láithreán gréasáin do leabharlainne áitiúla a sheiceáil chun teacht ar shonraí faoi aon ghníomhaíochtaí agus imeachtaí atá ar siúl go háitiúil. Tiocfaidh tú ar an seoladh láithreán gréasáin do do sheirbhís leabharlainne áitiúla ag

www.summerstars.ie